

CLÁR

| | |
|---|-----------|
| RÁITEAS FÍSE | 2 |
| MAOINIÚ, COISTÍ & FOIREANN | 3 |
| FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH | 4 |
| BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2010 | 5 |
| STÁDAS DÁT HEANGACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE | |
| (1) GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH | 7 |
| (2) GAEILGE SA GHNÓ | 8 |
| (3) GAEILGE Á LA CARTE | 10 |
| (4) CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE | 11 |
| (5) AG COTHÚ LÍONRA SÓISIALTA GAEILGE | 12 |
| (6) TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE | 15 |
| (7) PIOC SUAS MÉ! – GIVE IRISH A GO! | 16 |
| (8) FOILSEACHÁIN | 17 |
| (9) PÁIRTÍOCHT | 18 |
| (10) CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁR | 18 |
| (11) POIBLÍOCHT | 19 |
| DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2010 | 22 |

Tá ár bhfís do Gaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

ÁR BHFÍS:


Tá léirmhíniú comhaontaithe maidir leis an dátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag páirtithe leasmhara lárnacha i nGaillimh. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na páirtithe leasmhara sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas dátheangach oifigiúil na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.

SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Tá trí sprioc straitéiseacha lárnacha leagtha síos ag Gaillimh le Gaeilge.

Is spriocanna iad sin a bhraitheann ar a chéile agus is féidir iad a chatagóiriú mar seo a leanas.

- 1 Stádas Dátheangach**
- 2. An Ghaeilge a normalú**
- 3. Úinéireacht**



MAOINIÚ

Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an scéim cairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta, le stádas carthanachta, agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

NA COISTÍ AGUS AN FHOIREANN

Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le haon Stiúrthóir déag, a leagann an polasaí amach. Déanann Coiste Stiúrtha Gaillimh le Gaeilge a stiúradh, le hionadaithe ó na hEarnálacha Poiblí agus Príobháideacha, agus eagrais phobail agus comhlachtaí príobháideacha.

AN COISTE STIÚRTHA

| | |
|--|--|
| An Dr Iognáid Ó Muircheartaigh <i>[Cathaoirleach]</i> | Uachtarán/President Emeritus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Andrew D'Arcy | Iar-Cheann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe / Maigh Eo |
| Seán Stewart | Stewart |
| Bernadette Mullarkey | Bane Mullarkey |
| Joe Greaney | Stiúrthóir, WESTBIC |
| Máire Mhic Aodha | Leas-Bhainisteoir, Banc na hÉireann |
| Pádraic Ó Ráighne | Feidhmeannach Margaióchta TG4 |
| Tomás Breathnach | Timire Gaeilge Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair an Gaillimhe |
| Caitlín Nic an Ultaigh | Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Uinseann Mac Thómais | Pleanálaí Teanga |
| Pádraig Ó Beaglaoich | Iar-Phríomhoifigeach sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta |

AN COISTE LOGAINMNEACHA

| | |
|--|--|
| Christy Kelly | Iar-Phríomhtheicneoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Ó Gráda <i>(LeasChathaoirleach)</i> | Iar-Fhostaí, An Post |
| John Mulholland | Iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| An Comhairleoir Tom Costello | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Peadar O'Dowd | Staráí |
| An Dr Nollaig Ó Muraile | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Breandán Ó Súilleabháin | An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta |
| Jim Higgins | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Ailish Rohan | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Mac Coitir | Gleann na Coille |
| Brid Ní Chonghóile | Gaillimh le Gaeilge |

AN FHOIREANN

| | |
|---|---|
| Ardfheidhmeannach Bainisteoir Tograí Riarthóir Oifige | Brid Ní Chonghóile Gearóidín Ní Ghioballáin Mícheál Ó Ceallaigh |
|---|---|

IOGNÁID G. Ó MUIRCHEARTAIGH, MA PhD DSc LLD

Uachtarán/President Emeritus

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá áthas orm an tuairisc bhliana seo a chur in bhur láthair. Lean Gaillimh le Gaeilge ag cur seirbhísí ar fáil chun cabhrú leis an lucht gnó an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, sin le comharthaí, stáiseanóireacht, biachlár, nó bealach ar bith eile a oireann don ghnó. De bharr staid an gheilleagair, agus de bharr na ndúshlán acmhainne atá ag gach eagraíocht i láthair na huaire (Gaillimh le Gaeilge ina measc) rinne muid gach iarracht i rith na bliana lena chinntiú nach mbeadh aon chostas, nó costas íseal, ag baint leis na gníomhartha chun infheictheacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú i gCathair na Gaillimhe chun tacú leis an ngluaiseacht Stádas Dátheangach Oifigiúil a bhaint amach di.

I measc bhuaicphointí na bliana, bronnadh Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Bhácús Uí Ghríofa ag searmanas speisialta in Óstán Glenlo Abbey. Ghlac 16 ghnó agus eagraíocht páirt sa Ghradam ó raon leathan earnálacha. Den chéad uair riamh, rinne na moltóirí an cinneadh aitheantas speisialta a thabhairt do dhá chomhlacht a chuir isteach den chéad uair ar an nGradam agus a bhain ardchaighdeán amach. Ainmníodh Áine Walsh, Misneach, School of Reflexology, an Baile Bán agus Jurys Inn, Gaillimh do 'Bronnadh Speisialta na Moltóirí'.

Le linn na bliana, eagraíodh grúpa fócais, áit a ndearnadh plé agus bailíodh ionchur ar réimse leathan ceisteanna a bhain le forbairt Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Rinne muid forbairt ar 'Gaeilge À la Carte' agus tugadh cuireadh do bhialanna, d'óstáin agus do thithe tábhairne i gCathair na Gaillimhe oibriú linn chun níos mó Gaeilge a úsáid taobh leis an mBéarla ar a gcuid biachlár. Tá na bialanna seo liostaithe agus curtha ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.gleg.ie.

D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Snap Printing, Galway go dícheallach leis na bialanna agus leis na hóstáin mórthimpeall na Cathrach chun cabhrú leo an Ghaeilge a úsáid agus cur le hiomhá chultúrtha na Cathrach. Foilsíodh 22,000 Píoc Suas Mé! Give Irish a Gol i rith na bliana agus foilsíodh cinn den chéad uair i mbliana le téama Rásaí na Gaillimhe agus téama na Nollag iontu. Ina theannta sin, eagraíodh 11 ócáid i rith na bliana chun deis a thabhairt don lucht gnó casadh le chéile go neamhfhoirmiúil, gnó a dhéanamh agus Gaeilge a labhairt nó a chleachtadh.

Tá bliain dhúshlánach eile amach romhainn go léir, ach ina ainneoin sin, is údar misnigh do Ghaillimh le Gaeilge an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an iliomad deiseanna atá cruthaithe ag an bplean físiúil seo. Is iontach an spreagadh a thabharfaidh an straitéis seo do Ghaillimh le Gaeilge mar go gcabhróidh sí linn ár n-iarrachtaí a athdhírú ar stádas dátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a ghlacadh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, leis an gComhairle Cathrach agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe tríd scéim Chairde Ghaillimh le Gaeilge as ucht a dtacaíochta i rith 2010. Tá buíochas ar leith ag dul do na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge agus do bhaill an Choiste Stiúrtha. Buíochas le foireann Ghaillimh le Gaeilge Bríd Ní Chonghóile, Gearóidín Ní Ghioballáin agus Micheál Ó Ceallaigh, as a saothar i gcaitheamh na bliana.

Gura fada buan sinn,



Dr Iggý Ó Muircheartaigh
Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge



BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2010



STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labhrófar í. Is laistigh de thimpeallacht normalaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach ina measc tá:

- 1 GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH**
- 2 AN GHAeilGE SA GHNÓ**
- 3 GAEILGE À LA CARTE**
- 4 SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE**
- 5 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE**

1

GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2010

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le tacaíocht Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ainmníodh an Gradam in onóir an Uasail Seosamh Ó hÓgartaigh, nach maireann ball bunaithe agus rúnaí-cuideachta Ghaillimh le Gaeilge. Is i aidhm an Ghradam ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí i gCathair na Gaillimhe a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach 'dáirire,' 'cruthaitheach' agus 'feiceálach' ina ngnó/eagraíocht agus a léiríonn an tionchar atá aige seo ar an bhfoireann agus ar íomhá dhátheangach na Cathrach. Tá 'buntáistí agus duaiseanna' iontacha ag dul leis an nGradam mar aon le poiblíocht fhorleathan agus ardmholadh do do ghnó/do d'eagraíocht sna meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla. Bronnfar píosa dealbhóireachta uathúil ar an mbuaiteoir chomh maith atá deartha go speisialta ag an ealaíontóir cáiliúil Pádraic Reaney.

Le linn 2010, ghlac **16 ghnó agus eagraíocht** páirt sa Ghradam ó raon leathan d'earnálacha.



Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Bogna & Jimmy Griffin, BÁCÚS Uí Ghríofa, An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, a bhronn an Ghradam. Méara Chathair na Gaillimhe, an Comh. Declan McDonnell, agus Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Paul Shelly ag ócáid bhronnta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Gaillimh.

Bronnadh an Ghradam, 2010

D'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív, TD, BÁCÚS Uí Ghríofa mar bhuaiteoirí iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ag searmanas speisialta in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Déardaoin, 25 Feabhra 2010. Bhí slua mór ag an ócáid.

Fógraíodh Cuntasóirí Ryan McGinty, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, An Pháirc Mhór mar bhuaiteoir ar an gcatagóir le fiche fostaí nó níos lú.

Bronnadh Speisialta na Moltóirí

Den chéad uair riamh, rinne na moltóirí an cinneadh aitheantas speisialta a thabhairt do dhá chomhlacht a chuir isteach den chéad uair ar an nGradam i mbliana agus a bhain ardchaighdeán amach. Ainmníodh Áine Walsh, Misneach, An Baile Bán agus Jurys Inn, Gaillimh do 'Bhronnadh Speisialta na Moltóirí'.



Cyriel McGinty ó Ryan & McGinty lena fhoireann, buaiteoir an chatagóra le níos lú na fiche fostaí, ag ócáid bhronnta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Gaillimh.



An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, ag bronnadh Ghradam Speisialta na Moltóirí ar Áine Walsh, Misneach Reflexology School ag ócáid bhronnta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Gaillimh.



An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, ag bronnadh Ghradam Speisialta na Moltóirí ar Ann Feeney, Jurys Inn Gaillimh ag ócáid bhronnta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Gaillimh.

STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

GAEILGE SA GHNÓ

2

Tá an tSeirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' ann chun comhlachtaí a threorú tríd an bpróiseas chun Gaeilge a shní isteach ina ngnó, is cuma an beagáinín Gaeilge nó gnó iomlán dátheangach atá uathu. Déanaimid athbhreithniú ar an ngnó ó thaobh a íomhá de – comharthaíocht, ábhar margaióchta, ábhar fógraíochta srl. – agus déanaimid scrúdú ar na féidearthachtaí i leith úsáid na Gaeilge.

Ansin cuireann Gaillimh le Gaeilge clár céimithe le chéile le clár ama aontaithe d'fhí isteach na Gaeilge sa ghnó thar an tréimhse ama shocraithe, is cuma an athrú stáiseanóireachta, comharthaíochta nó Gaeilge a chur ar veaineanna dáileacháin atá i gceist. Bíonn foireann Ghaillimh le Gaeilge ar fáil chun a gcuid saineolas margaióchta agus gnó a chur ar fáil, agus teagmháil a choinneáil leis an gcomhlacht i rith tréimhse ama, chun comhairle agus aistriúchán a thabhairt, de réir mar is gá. Tá an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce do gach 'Cara Maith' agus 'Dlúthchara' de chuid Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus i gcásanna áirithe do chomhlachtaí eile.

Le linn 2010, cuireadh an tseirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' ar fáil do 9 ngnólacht atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe.

COMHLAUGHT

An Seomra Yoga
Atlantaquaria
Da Tang Noodle House
Food 4 Thought
Galway Powerboat Festival 2010
Menlo Park Hotel
Radisson Blu
Ryan McGinty
Salthill Devon



An chomharthaíocht nua lasmuigh a chuir Schuh in airde ar Shráid na Siopaí in 2010.



SEIRBHÍSÍ AISTRIÚCHÁIN 2010

De thoradh na seirbhíse aistriúcháin, rinneadh aistriúchán ginearálta ar **15,504 focal** do ghnólachtaí i gCathair na Gaillimhe agus rinneadh aistriúchán ar **11,105 focal** ar bhiachláir do bhialanna agus d'óstáin na Cathrach le linn 2010.

Is iad seo a leanas na comhlachtaí a d'úsáid Gaeilge ar chomharthaí i rith 2010:

An Seomra Yoga
Food 4 Thought
Gannet Fish
Galway Powerboat Festival
GBC Restaurant
Griffin's Bakery/Bácús Uí Ghríofa
Ionad Fuji na Gaillimhe
Ionad na Faiche Móire
Maxwell McNamara's
On your Bike
Rásaí na Gaillimhe
Radisson Blu
Schuh

De thoradh na seirbhíse aistriúcháin, d'úsáid **8 ngnó stáiseanóireacht/ábhar margaióchta nua** le linn 2010.

COMHLACHTAÍ / EAGRAÍOCHTAÍ

An tUrramach David G. Murphy - Cárta Gnó
D'Arcy Marketing & PR - Cárta gnó
Fáilte Ireland - Fógra - Féach ar Ghaillimh
Ionad Siopadóireachta na Faiche Móire - Ceannlitir agus Cárta Dea-Mhéine
McCambridge's - Bróisiúr na Nollag 2010
Misneach School of Reflexology - Ceannlitir agus Cárta Gnó
Network - Bróisiúr Network Ireland Galway
Open House - Bróisiúr do "Féile Ailtireachta na Gaillimhe"



An chomharthaíocht nua a chuir Ionad na Faiche Móire, An Fhaiche Mhór in airde i 2010.



An chomharthaíocht nua a chuir Ionad Fuji na Gaillimhe, Sráid na Siopai in airde in 2010.



An chomharthaíocht nua a chuir BÁCÚS Uí Ghríofa/Griffin's Bakery, Sráid na Siopai in airde in 2010.

STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAINN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

3

GAEILGE Á LA CARTE - BIALANNA LE BIACHLÁR DÁT HEANGACH

Mar thoradh ar an méid iarratas a fhaigheann Gaillimh le Gaeilge ó dhaoine a bhíonn ag lorg bialanna le biachlár dátheangach i gCathair na Gaillimhe, thug Gaillimh le Gaeilge cuireadh do bhialanna, d'óstáin agus do thithe tábhairne i gCathair na Gaillimhe oibriú i gcomhar leo chun níos mó Gaeilge a úsáid taobh leis an mBéarla ar a gcuid biachlár. Sheol Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe, an togra seo Dé Máirt, 21 Iúil 2010, sa Kings Head, An tSráid Ard.

Le linn 2010 bhí 13 bhialann liostaithe agus curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaillimh le Gaeilge, www.gleg.ie, mar bhialanna le biachlár dhátheangacha. Bíonn Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge, a eagraítear go míosúil, sna bialanna atá liostaithe. Tá an-tóir ar na lónta seo agus freastalaíonn suas le 40 duine ar gach ceann díobh. Tugann siad deis iontach do dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus féinmhuinín sa teanga a chothú iontu, casadh le cainteoirí líofa Gaeilge agus iad siúd nach bhfuil chomh líofa, líonrú agus gnó a dhéanamh agus an méid Gaeilge atá acu cheana féin a chleachtadh.

Is iad seo a leanas na bialanna a raibh biachláir dhátheangacha acu le linn 2010:

Bácús Uí Ghríofa
Beár agus Bialann Lohans
Dáil Bar [Biachlár Lóin amháin]
Forster Court Hotel
Galway Bay Hotel
GBC Galway
Glenlo Abbey Hotel
Kashmir Indian Restaurant
The Kings Head
Monroe's Tavern
Malt House
Teach na Céibhe
Viña Mara



Paul Gill, Cathaoirleach Bhraíne na Gaillimhe de Chónaidhm Óstáin na hÉireann, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe, Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, agus Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag seoladh an togra "Gaeilge Á La Carte" sa Kings Head i mí Iúil.



Andrea Cullinane, Teach na Céibhe, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe, agus Mary Conroy, Óstán Galway Bay ag seoladh an togra "Gaeilge Á La Carte" sa Kings Head i mí Iúil.



Eimear Killian, Óstán Glenlo Abbey, Eileen Feeney, Viña Mara, agus Marie Nic Phóidín, Óstán Glenlo Abbey ag seoladh an togra "Gaeilge Á La Carte" sa Kings Head i mí Iúil.



CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE - TACAÍOCHT MHUINTIR NA GAILLIMHE DO CHUR CHUN CINN NA GAEILGE SA CHATHAIR

4


Bhunaigh Gaillimh le Gaeilge an Scéim Cairde Ghaillimh le Gaeilge in 2001 i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe chun freastal ar éileamh an phobail ar sheirbhísí Ghaillimh le Gaeilge agus mar thoradh ar riachtanais forbartha.

Bíonn baill Cairde ann as gach earnáil ghnó i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin, seirbhísí airgeadais mar aon leis na hearnálacha turasoireachta agus fáilteachais, iompair agus corparáideacha.

Tá ár mbuíochas dlite do mhuintir na Gaillimhe a thug tacaíocht as cuimse do Ghaillimh le Gaeilge in 2010 trí bheith ina 'Cara', 'Cara Maith' agus 'Dlúthchara' sa scéim Cairde Ghaillimh le Gaeilge in ainneoin droch bhail a bheith ar gheilleagar na hÉireann agus an Domhain.

Le linn 2010, chláraigh **117 gnó** le Gaillimh le Gaeilge, a d'fhág go raibh os cionn **300 CARA liostaithe ar phostliosta Ghaillimh le Gaeilge**.

Seo cairt seo thíos tugtar miondealú ar Chairde Ghaillimh le Gaeilge in 2010 sna hearnálacha difriúla.



STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

5

AG COTHÚ LÍONRA SÓISIALTA GAEILGE

D'éagraigh Gaillimh le Gaeilge 7 lón gnó agus 2 ócáid neamhfhoirmeálta eile. Le linn 2010, d'fhreastail os cionn 400 duine ar imeachtaí Ghailimh le Gaeilge.

LÓNTA GNÓ

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge a gcuid lónta gnó rialta in óstáin agus bialanna a chuireann biachláir dhát heangacha ar fáil. Freastalaíonn suas le 30 duine ar an lón gnó. Tugann an ócáid neamhfhoirmeálta seo deis don lucht gnó a gcuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh, agus cairde & teagmhálaithe gnó a dhéanamh!

Le linn 2010, eagraíodh 7 lón gnó. Is iad seo a leanas na bialanna ar fhreastail Cairde Ghailimh le Gaeilge orthu.

- 24 Samhain 2010
Monroe's Tavern
- 27 Deireadh Fómhair 2010
The Malt House Restaurant
- 28 Meán Fómhair 2010
Forster Court Hotel
- 26 Bealtaine 2010
Viña Mara – Bhí Méara Chathair na Gaillimhe, Declan McDonnell, agus a bhean chéile, Mary McDonnell, i láthair mar aionna speisialta.
- 20 Aibreán 2010
Teach na Céibhe
- 24 Márta 2010
Kashmir – Bialann Indiach
- 26 Eanáir 2010
Óstán an Malt House



Ag freastal ar Lón Gnó Mhí na Bealtaine i mBialann Viña Mara bhí ó chlé Stiúrthóir Ghailimh le Gaeilge Aindriú D'Arcy, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Declan Mc Donnell, agus Eileen Feeney, úinéir na bialainne.



Ag freastal ar Lón Gnó mhí na Bealtaine i mBialann Viña Mara bhí, ó chlé, Róisín McDonagh agus Pauline O'Dwyer ó EmployAbility Services Galway, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Declan Mc Donnell in éineacht lena bhean céile Mary Mc Donnell, agus Séamus Ó Direáin, Sráid Dhoimnic, Gaillimh.

FULACHT FIA AN tSAMHRAIDH DO CHAIRDE GHAILLIMH LE GAELIGE

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Fulacht Fia bliantúil mar chríoch oifigiúil ar imeachtaí sóisialta na heagraíochta go dtí an fómhar agus tugann an ócáid seo deis do Ghaillimh le Gaeilge buíochas a ghlacadh le gach duine a thugann tacaíocht don ghluaiseacht le Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar chathair dhátheangach agus chun stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach don Chathair.

Baineadh an-taitneamh as Fulacht Fia an tSamhraidh, urraithe ag JSL (Stewart) Group Ltd., agus ag Údarás na Gaeltachta a bhí ar siúl ar an Veranda Lounge ar bhruach Loch an tSáile in Óstán an Radisson Blu i mí an Mheithimh. Bhí Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, agus Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta ag baint taitnimh as Fulacht Fia Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.

Ag an ócáid, thug Emma O'Sullivan as Rinn Mhaoile sárthaispeántas ar a sainscíl sa Damhsa ar an Sean-Nós agus bhí a comrádaí ceoil, Johnny O'Halloran as Gaillimh ag coinneáil ceoil léi ar an mbosca. Bhí an fliúiteadóir iomráiteach Mick Crehan ag seinm in éineacht leis an dís chumasach seo.



An tslua ag baint suilt as Emma O' Sullivan as Rinn Mhaoile ag Damhsa ar an Sean-Nós ag Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Bóthar Loch an tSáile, Gaillimh.

Urraí an Fhulacht Fia:



Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta [Urraí an Fhulacht Fia], Seán Stewart, JSL Stewart Group Ltd., [Urraí an Fhulacht Fia] Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, agus Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta ag baint taitnimh as Fulacht Fia Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.



Áine Walsh, Misneach School of Reflexology, An Comhairleoir Dónal Lyons, agus Mary Leahy ag baint taitnimh as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.



Seán Ó Leidhinn, An Roinn Gnóthai Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta [Urraí an Fhulacht Fia], Seán Stewart, JSL Stewart Group Ltd. [Urraí an Fhulacht Fia] agus Pádraig Ó Beaglaioich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, ag baint taitnimh as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.

STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE - NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

TEACHT LE CHÉILE NA NOLLAG DO CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo chuile bhliain chun buíochas a ghabháil le Cairde Ghailimh le Gaeilge agus leo siúd a chuidigh leo ar aon bhealach an Ghaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe.

Bhí TEACHT LE CHÉILE NA NOLLAG ar siúl i mBeár na nOisrí, Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór ar an 16 Nollaig 2010.

In áit cártaí Nollag a sheoladh sa phost, bhronn Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge bronntanas speisialta ar Anita Layden don eagraíocht charthanachta 'Friends of Londiani'.



Mairéad Ní Dhireáin agus Peter Rabbitte, Leabharlann Chontae na Gaillimhe, Proinséas Ó hÓgartaigh, agus Emer Ní Ógartaigh ag baint taitnimh as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghailimh le Gaeilge a bhí ar siúl in Óstán an Meyrick. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo chuile bhliain chun buíochas a ghabháil le Cairde Ghailimh le Gaeilge agus leo siúd a chuidigh leo ar aon bhealach an Ghaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe.



Seán Ó Leidhinn, An Roinn Gnóthai Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge, Anita Layden, Friends of Londiani agus an Comhairleoir Dónal Lyons, Comhairle Cathrach na Gaillimhe i láthair ag 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghailimh le Gaeilge a bhí ar siúl in Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór. In áit cártaí Nollag a sheoladh sa phost, bhronn Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge bronntanas speisialta ar Anita Layden don eagraíocht charthanachta 'Friends of Londiani'. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo chuile bhliain chun buíochas a ghabháil le Cairde Ghailimh le Gaeilge agus leo siúd a chuidigh leo ar aon bhealach an Ghaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe.



Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge, Anne Hession, Hession Life and Pensions, agus Michael Coyle, Cumann Tráchtála na Gaillimhe ag baint taitnimh as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghailimh le Gaeilge a bhí ar siúl in Óstán an Meyrick. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo chuile bhliain chun buíochas a ghabháil le Cairde Ghailimh le Gaeilge agus leo siúd a chuidigh leo ar aon bhealach an Ghaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe.

6

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & NA MEÁIN SHÓISIALTA

Feidhmíonn suíomh gréasáin www.gleg.ie mar ionad lárnach eolais do gach a mbaineann le Gaillimh le Gaeilge. Rinneadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin Ghaillimh le Gaeilge chun níos mó úsáide a bhaint as na huirlisí cumarsáide sóisialta nua atá tagtha ar an bhfód cosúil le Blagáil, YouTube, Facebook, agus Twitter agus chun úsáid a bhaint as www.gleg.ie chun Cairde breise/maoiniú breise a aimsiú do Ghaillimh le Gaeilge trí an tSeirbhís PayPal a chur ar fáil ar an suíomh.

| Mí | Ean | Fea | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Sam | Noll |
|---------------------|-----|------|------|-----|------|-------|------|-----|-----|-----|-----|------|
| Líon na gCuirteoirí | 715 | 800 | 923 | 603 | 581 | 597 | 642 | 470 | 654 | 677 | 800 | 490 |
| Líon na gCuirteanna | 824 | 1016 | 1136 | 756 | 710 | 696 | 811 | 599 | 800 | 765 | 941 | 589 |

Ar an meán, thug 663 duine cuairt ar an suíomh gréasáin gach mí idir Eanáir agus Nollaig 2010. I mí an Mhárta 2010 a bhí buaicphointe na gcuairteanna (1,136) agus tagann sé seo leis an tréimhse thart ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

Leanadh le linn na bliana d'fhorbairt an tsuímh ghréasáin www.gleg.ie le cinntiú go mbeadh sé iomlán cruinn agus ceart i gcónaí ó thaobh an eolais is deireanaí i dtaca le gach gné d'obair Ghaillimh le Gaeilge.

STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

PIOC SUAS MÉ! – GIVE IRISH A GO!

7

Is éard atá i gceist le 'Píoc Suas Mé!' ná leabhráin bheaga le beannachtaí agus frásaí simplí as Gaeilge do bhialanna agus d'óstáin atá curtha le chéile ag Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Snap Galway. Scaip Gaillimh le Gaeilge in éineacht le Snap Galway an leabhrán seo ar bhialanna agus ar óstáin ar fud na Cathrach den chéad uair le linn Fhéile Rás Aigéin Volvo lena chinntiú go mbeadh deis ag cuairteoirí a tháinig chuig

an gcathair blaiseadh a fháil den Ghaeilge. Tá na frásaí seo aistrithe go Béarla sa leabhrán agus litriú foghraíochta curtha leo chun cuidiú le cuairteoirí agus le muintir na Gaillimhe araon triail a bhaint as an nGaeilge!

Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an leabhrán le linn Rás Aigéin Volvo, shocraigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Snap Galway an deis a thabhairt don lucht gnó ardán a thabhairt dá gcomhlacht trí fhógra a chur sa leabhrán 'Píoc suas Mé – Give Irish a go!'

Tá neart comhlachtaí Gaillimheacha tar éis an deis seo a thapú cheana féin agus na leabhráin a scaipeadh ar a gcustaiméirí. Tá ag éirí thar cionn leis an leabhrán agus tá óstáin, bialanna, tithe tábhairne agus daoine aonair sa tóir chuile lá ar a thuilleadh cóipeanna. Is breá le daoine iad! Tá siad úsáideach, praiticiúil agus cuireann siad an Ghaeilge trasna ar bhealach spraiúil. Is deis iontach í seo do ghnólachtaí lena gcuid custaiméirí a choinneáil leo agus ag an am céanna ag caomhnú íomhá chultúrtha dhát heangach na Cathrach trí úsáid a bhaint as an nGaeilge!

Le linn 2010, ordaíodh 22,000 cóip de "Píoc suas Mé! – Give Irish a go!" Is iad seo a leanas na comhlachtaí a cheannaigh iad le linn 2010:

- **Bábógbaby**
- **Bácús Uí Ghríofa**
- **Beár & Bialann Lohans**
- **Comhdháil TERMIS-EU 2010**
- **Fáilte Ireland**
- **Jurys Inn (téarmaí do Rásaí na Gaillimhe)**
- **Lydon House (téarmaí do Rásaí na Gaillimhe)**
- **The Malt House (téarmaí do Rásaí na Gaillimhe)**
- **Shamrock Adventures**
- **Viña Mara (téarmaí do Rásaí na Gaillimhe)**



8

FOILSEACHÁIN - DEIS 2010

Mar chuid de sheirbhísí Chairde Gaillimh le Gaeilge, seoladh DEIS (Nuachtlitir Chairde Gaillimh le Gaeilge) amach chuig na Cairde ar fad agus chuig Teachtaí Dála an Iarthair go leictreonach agus sa phost gach mí in 2010. Fuair **86 duine** an Nuachtlitir sa phost agus seoladh go leictreonach é chuig os cionn **300 duine**.

Dáileadh DEIS:

Nollaig 2010
Deireadh Fómhair 2010
Lúnasa 2010
Meitheamh 2010
Aibreán 2010
Feabhra 2010

Samhain 2010
Meán Fómhair 2010
Iúil 2010
Bealtaine 2010
Márta 2010
Eanáir 2010



FOILSEACHÁIN - DIALANN 2011

D'fhoilsigh Gaillimh le Gaeilge mar chuid de sheirbhísí Chairde Gaillimh le Gaeilge, Dialann Bhliantúil 2011. Tugtar deis do Chairde Gaillimh le Gaeilge fógraíocht a dhéanamh sa dialann agus tugtar ceann do gach Cara. Tá spéis ag méadú sa dialann gach bliain agus leanfar leis an bhfoilseachán seo fad is atá spéis ann agus an t-éileamh ann air.

Tá Dialann Gaillimh le Gaeilge 2010 maoinithe go hiomlán ag fógraí ó na comhlachtaí agus ó na heagraíochtaí seo a leanas.

Is iad seo a leanas fógróirí 2011:

- An Coimisinéir Teanga
- Ardilaun Hotel
- BÁCÚS Uí Ghríofa
- Bus Éireann
- Comhar Creidmheasa Naomh Antoine agus an Cladach Teo.
- EmployAbility Galway
- Galway Bay FM
- Galway Chamber
- Galway Taxis
- Medtronic
- Radisson Blu
- Snap
- Taibhdhearc na Gaillimhe
- TG4
- Údarás na Gaeltachta



STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

ÚINÉIREACTH NA GAEILGE AG AN BPOBAL A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH

9

PÁIRTÍOCHT

Tá Gaillimh le Gaeilge ag cur an smaoinimh chun cinn go leanúnach, maidir leis an nGaeilge agus íomhá dhát heangach Chathair na Gaillimhe a bheith in úinéireacht an phobail ó tháinig Gaillimh le Gaeilge ar an bhfód. Cothaíonn Gaillimh le Gaeilge teagmháil le scát heagraíochtaí, le grúpaí gnó agus le pobail éagsúla fheiliúnacha chun cuidiú leo i bhforfheidhmiú an dát heangachais sa Chathair. D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar leis na grúpaí éagsúla thíos leis an nGaeilge agus íomhá dhát heangach na Cathrach a chur chun cinn.

Tá Gaillimh le Gaeilge tiomanta do chaidrimh a fhorbairt agus a chothabháil le páirtnéirí éagsúla.

Eagraíochtaí a bhfuil Gaillimh le Gaeilge ag obair i gcomhar leo:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- Fáilte Ireland – Réigiún an Iarthair
- Galway Vision 2040 – Fís gan Teorainn
- Latin Quarter – Fáilte Isteach
- Galway's West End – Tar Siar
- Cónaidhm Óstán na hÉireann
- Cumann Fíoncheannaithe na hÉireann

Tá Ionadaíocht ag Gaillimh le Gaeilge ar:

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasoíreachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Network Galway {Grúpa do Mhná Gairmiúla agus Gnó}
- Network Chonamara

CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁR

Cur i láthair

Tugann cur i láthair deis do Ghaillimh le Gaeilge teagmhálacha a chothú agus eolas breise a scaipeadh faoi ról agus obair na heagraíochta.

Le linn 2010:

- Rinneadh cur i láthair do 60 Mac léinn ó Bhéal Feirste ar an 8 Aibreán 2010.
- Rinneadh cur i láthair ag ceardlann do dhéagóirí ag Tóstal na Gaeilge 2010 leis an téama 'Buntáiste Breise na Gaeilge, a d'eagraigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar 26ú agus 27 Feabhra 2010 sa Salthill Hotel, Gaillimh. "Ó Aidhm go Feidhm" a bhí mar theideal ar Thóstal na bliana seo. Thug an Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Eochairchaint an Tóstail. Chomh maith le sin, rinne Gearóidín Ní Ghioballáin, Bainisteoir Thograí Ghaillimh le Gaeilge cur síos gairid mar chuid den léacht 'Buntáistí Breise na Gaeilge' ag an ócáid.
- Bhí seastán eolais ag Gaillimh le Gaeilge ag Tóstal na Gaeilge, 2010.

10



POIBLÍOCHT

NA MEÁIN CUMARSÁIDE

11

Is cuid riachtanach d’obair Ghailimh le Gaeilge a bheith ag obair leis na meáin chumarsáide chun íomhá dhearfach a chinntiú don obair atá ar siúl sa chathair chun stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach don chathair. Tuairiscíodh ar obair Ghailimh le Gaeilge sna nuachtáin áitiúla agus sna meáin chumarsáide 95 uair i rith na bliana. Áir mbuiochas dóibh siúd go léir a chuidigh linn san obair sin.

Na Nuachtáin – Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

| | |
|----------------------------------|------------|
| Saol | 09/03/2010 |
| Gaelport.com | 06/03/2010 |
| Galway City Tribune | 05/03/2010 |
| Galway Advertiser | 04/03/2010 |
| Gaelport.com | 04/03/2010 |
| Foinse | 03/03/2010 |
| Galway Independent | 03/03/2010 |
| Connacht Sentinel | 02/03/2010 |
| Galway Advertiser | 25/02/2010 |
| Galway Independent | 24/02/2010 |
| Foinse | 24/02/2010 |
| Gaelport.com | 24/02/2010 |
| Galway Advertiser | 18/02/2010 |
| Galway Independent | 17/02/2010 |
| Galway City Tribune | 12/02/2010 |
| Insideireland.ie | 11/02/2010 |
| Galway Advertiser | 11/02/2010 |
| Gaelport.com | 11/02/2010 |
| Galway Advertiser | 28/01/2010 |
| Galway Independent | 13/01/2010 |
| Nuachtlitr an Chumainn Tráchtála | 12/01/2010 |
| Insideireland.ie | 12/01/2010 |
| Galway Advertiser | 07/01/2010 |
| Galway City Tribune | 01/01/2010 |

An Raidió, an Teilifís & an tIdirlíon – Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

| | |
|--------------------------|------------|
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 20/12/2010 |
| iRadio | 26/02/2010 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 26/02/2010 |
| Galway Bay FM | 26/02/2010 |
| Galway Bay FM | 25/02/2010 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 23/02/2010 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 18/02/2010 |
| Raidió na Life | 18/02/2010 |
| Galway Bay FM | 10/02/2010 |
| Galway Bay FM | 11/01/2010 |
| Galway Bay FM | 08/01/2010 |
| iRadio | 08/01/2010 |
| Galway Bay FM | 04/01/2010 |



STÁDAS DÁT HEANGACH A BHAIN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

Na Nuachtáin – Seoladh ‘Gaeilge Á la Carte’

| | |
|-----------------------------------|-------------|
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | Lúnasa 2010 |
| Galway Advertiser | 29/07/2010 |
| Gaelport.com | 28/07/2010 |
| Cogar | 23/07/2010 |
| Insideireland.ie | 22/07/2010 |
| Gaelport.com | 21/07/2010 |
| Galway Advertiser | 21/07/2010 |
| Galway Independent | 21/07/2010 |
| Foinse | 14/07/2010 |
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | 03/06/2010 |
| Nuachtlitir Network Galway | 18/05/2010 |
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | 08/04/2010 |
| Insidelreland.ie | 08/04/2010 |
| Galway Advertiser | 08/04/2010 |
| Galway Independent | 07/04/2010 |
| Gaelport.com | 07/04/2010 |



Patricia Lohan, Lohan Bar and Restaurant, Paul Sheehy, president of Galway Chamber, and Jenny Griffin, Griffins Bakery at the press event for Gaeilge Á la Carte which took place in the Kings Head. This initiative promotes hotels, pubs and restaurants which have introduced the Irish language on their menus.

An Raidió, an Teilifís & an tIdirlíon – Seoladh ‘Gaeilge Á la Carte’

| | |
|--------------------------|------------|
| Near 90 FM | 12/08/2010 |
| Newstalk | 05/08/2010 |
| Raidió na Life | 22/07/2010 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 21/07/2010 |
| Galway Bay FM | 20/07/2010 |



Galway City Mayor Cllr Declan McDonnell, Galway City Manager Joe MacGrath, Bríd Ní Chonghaile, An tAire Bhrannánach Gaeilge i nGaillimh, Dr Siobhán Ó Muircheartaigh, Cathairleach Gaeilge i nGaillimh, Ailish Nolan, Galway City Council Irish Officer at the presentation of a cheque for €50,000 from Galway City Council to Gaeilge Á la Carte in City Hall.

Na Nuachtáin & Suíomh – Teachtlí le Chéile na Nollaig

| | |
|-----------------------------------|--------------|
| Saol | 19/01/2010 |
| Galway Advertiser | 14/01/2010 |
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | Nollaig 2010 |

Na Nuachtáin – Ginearálta

| | |
|----------------------|------------|
| Galway Advertiser | 23/12/2010 |
| Galway City Tribune | 15/10/2010 |
| Galway City Sentinel | 20/07/2010 |
| Galway Independent | 14/07/2010 |
| Irish Times | 17/06/2010 |
| Saol | 10/02/2010 |
| Galway City Sentinel | 19/01/2010 |
| Gaelport.com | 08/01/2010 |

An Raidió, an Teilifís & an tIdirlíon – Ginearálta

| | |
|--------------------------|------------|
| Raidió na Life | 30/06/2010 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 13/04/2010 |
| BBC Alba | 05/03/2010 |
| Near FM | 04/03/2010 |



Launching the special €2 bus fares for children travelling to/from Galway and Connemara were Aisling McDonogh, Services Manager Bus Services, Chairman of the Structure Committee on Transport, Frank Fahy, TD, Brian Conolly, Regional Manager of Bus Éireann, Wincor for Youth Protection, Eamon Ó Cúin, TD, Izzie Ó Muircheartaigh, Cathairleach Gaeilge i nGaillimh and Aisling Ó Chéallais of Gaeilge Á la Carte.



Na Nuachtáin –Fulacht Fia an tSamhraidh, 2010

| | |
|-----------------------------------|------------|
| Galway Advertiser | 15/07/2010 |
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | 08/07/2010 |
| Galway Advertiser | 08/07/2010 |
| Saol | 06/07/2010 |
| Gaelscéal | 02/07/2010 |
| Gaelport.ie | 01/07/2010 |
| Galway Independent | 30/06/2010 |
| Connacht Sentinel | 29/06/2010 |

Na Nuachtáin & na hIrisí – An Ghaeilge sa Ghnó

| | |
|---------------------|---------------|
| Connacht Sentinel | 24/09/2010 |
| Tribe Vibes | Samhradh 2010 |
| Galway City Tribune | 18/06/2010 |
| Galway Advertiser | 17/06/2010 |
| Gaelscéal | 11/06/2010 |
| Irish Independent | 09/06/2010 |

An Raidió, an Teilifís & an tIrdlíon – An Ghaeilge sa Ghnó

| | |
|------------------|------------|
| Gaelport.ie | 29/06/2010 |
| Insideireland.ie | 28/06/2010 |

Na Nuachtáin – Maoiniú GLEG, 2010

| | |
|-------------------|------------|
| Connacht Tribune | 16/04/2010 |
| Foinse | 17/02/2010 |
| Connacht Sentinel | 09/02/2010 |

“Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uile i gCathair na Gaillimhe atá ag déanamh sároibre i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh air sin ag cur Cathair na Gaillimhe chun cinn mar chathair dhátheangach.”

Coiste Stiúrtha Ghailimh le Gaeilge



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council


Fyre Square Centre

Galway
Advertiser

